



TEAGASC THEANGA CHOMHARTHAÍOCHTA NA hÉIREANN

(ISL)

Tá an scéim um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann á cur ar fáil chun cistiú a sholáthar i gcomhair seirbhís teagais sheachtainiúil ina dtugann teagascóir cuairt ar bhaile linbh réamhscoile nó dalta scoile atá bodhar nó nach bhfuil an éisteacht go maith aige nó aici, chun oiliúint in ISL a chur ar fáil don leanbh, dá s(h)ibhlín(i) agus dá t(h)uismitheoir(i)/c(h)aomhnóir(i).

Ní chuirtear maoiniú ar fáil don teagasc ach amháin nuair atá an próiseas iarratais iomlán curtha i gcrích, lena n-áirítear litir a eisiúint chuig an/na tuismitheoir(i)/(g)caomhnóir(i) lena dheimhniú go ndearnadh ceadú an mhaoinithe don teagascóir ainmnithe a fhaomhadh chomh maith leis na huairéanta agus an tréimhse ama a bhfuil an teagasc ceadaithe ina leith.

Ní mór do na teagascóirí ar fad na riachtanais Ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh sula dtosaítear ar an teagasc a sholáthar. Tháinig an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2014 i bhfeidhm ón 29 Aibreán 2016. Ní féidir leo siúd ar fad ar mian leo obair nó gníomhaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le leanaí nó le daoine fásta soghonta nó ar mian leo seirbhísí áirithe a sholáthar do leanaí nó do dhaoine fásta soghonta tosú ar obair, ar ghníomhaíocht nó ar sheirbhís den chineál sin mura ndeachaigh siad faoi ghrinnfhiosrúchán.

Ní mór do gach teagascóir Dearbhú Reachtúil (Aguisín 1) agus an Fhoirm Ghealltanais (Aguisín 2) a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an Roinn.

Níor cheart aon socruithe a dhéanamh le teagascóir ag súil go gcuirfead maoiniú ar fáil nó go bhfaighfead deimhniú ar cheadú ón Roinn. Ní íocfar as aon teagasc a chuirtear i gcrích sula dtugtar ceadú. Ní dhéanfar maoiniú i gcomhair teagais a shiardhátú i gcás ar bith.

Déantar teagascóirí a sholáthraíonn teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a íoc ag an ráta páirtaimseartha reatha agus tá siad faoi réir treoracha cánach. Níl liúntais taistil agus/nó liúntais chothaithe ar fáil.

Déantar an deontas um ISL a íoc leis an Tuismitheoir/gCaomhnóir nuair nach bhfuil an teagascóir/múinteoir ar phárolla na Roinne seo. Leagfar amach an ráta maoinithe is infheidhme sa litir cheadaithe.

Chun an reachtaíocht reatha a chomhlíonadh, ní mór Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an tuismitheora (na dtuismitheoirí)/an chaomhnóra (na gcaomhnóirí) agus an teagascóra (na dteagascóirí)/an mhúinteora (na múinteoirí) a sholáthar chun go ndéanfaí íocaíocht a bhreithniú. Uimhir thagartha uathúil is ea an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáidtear i ngach déileáil le Gníomhaireachtaí Seirbhíse Poiblí, na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh. Má theastaíonn sonraí do UPSP féin nó UPSP do linbh uait déan teagmháil, le do thoil, le Seirbhísí Aitheantais Cliant na Roinne Coimirce Sóisialaí (DSP), Seirbhísí Leasa Shóisialaigh, Lóiste na Sionainne, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma. Teileafón: Glao áitiúil 1890 927999 Ríomhphost: cis@welfare.ie

I gcomhréir leis an reachtaíocht, cuirtear na sonraí airgeadais i leith na scéime seo ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gach bliain. Dá réir sin, cuirfidh an Roinn suimeanna an chúnaimh deontais oideachais a eisíodh chuig an Tuismitheoir/Caomhnóir agus ainm agus UPSP an Teagascóra in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ba cheart na Foirmeacha Iarratais agus iad comhlánaithe a chur ar ais chuig:
Teagasc ISL - An Rannóg Oideachais Speisialta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh,
Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, N37 X659**

Déanfaidh an Roinn taifid a choinneáil agus a chaomhnú ar mhaithe le daoine a bhfuil rochtain á fáil acu ar thacaíochtaí breise a aithint agus chun soláthar seirbhísí oideachais speisialta agus tacaíochta a phleanáil.

Ceanglais an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin

Ón 29 Aibreán 2016, ní fhéadfaidh aon duine tosú ag obair le leanaí nó le daoine fásta soghonta mura ndeachaigh sé nó sí faoi ghrinnfhiosrúchán.

Tá sé mar cheanglas faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 go ndéanfadh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin daoine atá ag obair le leanaí agus le daoine soghonta a chur faoi ghrinnfhiosrúchán.

Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí nochtadh nua grinnfhiosrúcháin a iarraidh sa chás go bhfuil siad ag fostú an teagascóra den chéad uair.

Má bhí an teagascóir fostaithe ag an thuismitheoir/ag an gcaomhnóir dlíthiúil roimhe seo agus má chuaigh an teagascóir faoi ghrinnfhiosrúchán ón 29 Aibreán 2016, moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a mheas an bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe. D'fhéadfaidís seo a leanas a bheith i measc na dtosca a chuirfeadh thuismitheoir/caomhnóir san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu pé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe.

- An tréimhse ama atá imithe thart ó fuarthas an grinnfhiosrúchán roimhe sin
- Má tá aon bhearnaí i stair fostaíochta/ghairme/oideachais an duine nach bhfuil mínithe go sásúil
- Pé acu ar cuireadh nó nár cuireadh teistiméireachtaí cuimsitheacha ar fáil i dtaca le fostaíocht roimhe seo

Ní liosta iomlán tosca an liosta thuas a bhféadfadh sé go mbeadh thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ag iarraidh iad a chur san áireamh.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag thuismitheoirí/caomhnóirí nach dtugann grinnfhiosrúchán cead do theagascóirí oibriú le leanaí, níl ann ach go gcuireann sé sonraí ar fáil maidir le haon taifead coiriúil agus/nó faisnéis shonrach faoin teagascóir lena mbaineann nó, nuair nach bhfuil aon taifead coiriúil ná aon fhaisnéis shonrach i gceist, go gcuirtear an fhíric sin in iúl. Is faoi na thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla lena mbaineann atá sé an cinneadh deiridh a ghlacadh, ó thaobh cosaint leanaí de, maidir le hoiriúnacht an duine chun oibriú leis an leanbh nó na leanaí. I dtaca leis sin, ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí dlíthiúla a thabhairt faoi deara nach bhfuil i dtoradh ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ach toisc amháin atá le cur san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh.

Tá seiceálacha críochnúla maidir le hoiriúnacht an duine mar ghné ríthábhachtach den dea-chleachtas i leith cosaint leanaí agus is iad na thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla atá freagrach astu. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna seiceálacha sin lorg agus fiosrú teistiméireachtaí agus a chinntiú go dtugtar míniú sásúil ar aon bhearnaí i dtaifid fostaíochta/curriculum vitae ach nach mbeadh na seiceálacha teoranta dóibh sin amháin. Níor cheart go nglacfaidh grinnfhiosrúchán ionad na seiceálacha sin ach ní mór é a úsáid mar chuid díobh.

Teagascóirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta:

1. Ní fhéadfar tús a chur leis an teagasc nó go rachaidh an teagascóir faoi ghrinnfhiosrúchán.
2. Más múinteoir aitheanta an teagascóir, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta nó a bhfuil iarratas ar chlárúchán déanta aige nó aici leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ba cheart dó nó di iarratas ar ghrinnfhiosrúchán a chur chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Ón 29 Aibreán 2016 i leith, ní mór go gcuirfeadh Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann teagascóirí faoi ghrinnfhiosrúchán trí phróiseas grinnfhiosrúcháin ar líne na Comhairle Múinteoireachta sula dtosaítear ar an teagasc.

3. Ní mór do theagascóirí toradh a gcuardach grinnfhiosrúcháin, dá ngairtear nochtadh grinnfhiosrúcháin, a roinnt leis an dtuismitheoir/gcaomhnóir dlíthiúil trí shaoráid slán ar líne na Comhairle Múinteoireachta, dá ngairtear Digitary.

Teagascóirí Neamhcháilithe Nach bhfuil Aitheantas acu ón gComhairle Mhúinteoireachta

1. Ní fhéadfar tús a chur leis an teagasc nó go rachaidh an teagascóir faoi ghrinnfhiosrúchán.

2. Mura múinteoir aitheanta an teagascóir ní mór dó nó di iarratas a dhéanamh chun go ndéanadh eagraíocht ábhartha grinnfhiosrúchán orthu. Is thar ceann eagraíochtaí cláraithe amháin a dhéanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus ní dhéantar é do dhaoine aonair ar bhonn pearsanta. Tá na critéir a bhaineann le haicmiú mar eagraíocht ábhartha leagtha amach ag an nasc seo a leanas: <https://vetting.garda.ie/RegisteredOrganisation/Relevant>.
3. Féadfaidh ceachtar de na heagraíochtaí seo a leanas iarratais ar ghrinnfhiosrúchán a phróiseáil, agus ansin rachaidh siadsan i gcomhairle leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (NVB) chun an grinnfhiosrúchán a phróiseáil nuair a fhaightear na doiciméid ábhartha ón teagascóir.

- **Cumann Bodhar na hÉireann (IDS) i gcomhar le hArd-Deoise Bhaile Átha Cliath:**

Ní mór do theagascóirí Foirm Chuiridh um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú, ar foirm í atá ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le tracey@irishdeafociety.ie

- **Sharing the Journey, i gcomhar le hIonad d'Oibrithe Deonacha Chathair Bhaile Átha Cliath:**

Ní mór do theagascóirí Foirm Chuiridh um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú, ar foirm í atá ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le chair@sharingthejourney.ie

4. Ní chuireann an NVB imréiteach ar fáil do dhaoine chun oibriú le leanaí. Eiseoidh an NVB Nochtadh Grinnfhiosrúcháin chuig an iarratasóir agus chuig an eagraíocht a rinne an t-iarratas a phróiseáil (i.e. Cumann Bodhar na hÉireann nó Sharing the Journey). I gcás go bhfuil taifead maidir le mí-úsáid leanaí in aghaidh iarratasóra, níor cheart don tuismitheoir an duine sin a fhostú mar theagascóir.

Meabhraítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna ag bronnadh deontais do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL). De bhrí go mbíonn an teagasc ar siúl lasmuigh den ghnáthstruchtúr scoile, ba cheart go mbeadh tuismitheoirí feasach ar na rioscaí breise a bhaineann le teagascóirí a fhostú i socrú príobháideach.

Ba cheart go ndeimhneodh tuismitheoirí/caomhnóirí dóibh féin go ndeachaigh na teagascóirí faoi ghrinnfhiosrúchán agus go bhfuil an próiseas grinnfhiosrúcháin cothrom le dáta.

Féadfar ceisteanna maidir le ceadú cúnaimh deontais a sheoladh ar ríomhphost chuig special_education@education.gov.ie nó ar an teileafón chuig 09064 84187

Féadfar aon cheisteanna maidir le foirmeacha um éileamh íocaíochta a sheoladh ar ríomhphost chuig sntg@education.gov.ie nó ar an teileafón chuig 09064 83750.

IARRATAS AR MHAOINIÚ DO
THEAGASC THEANGA CHOMHARHAÍOCHTA NA hÉIREANN
(ISL)

Ráiteas Príobháideachais: Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna, a mhéid is indéanta agus ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil, oideachas agus oiliúint do dhaoine atá ina gcónaí sa Stát ag leibhéal cuí chun freastal ar riachtanais agus cumais na ndaoine sin. Is é an príomhchuspóir dá dteastaíonn sonraí pearsanta leatsa ón Roinn ná chun incháilitheacht a chinneadh don Scéim Teagaisc maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Féadfar na sonraí pearsanta arna soláthar a idirmhalartú le NCSE agus leis na Coimisinéirí Ioncaim ar mhaithe le hincháilitheacht don Scéim Teagaisc maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chinneadh, do phróiseáil íocaíochtaí agus chun críocha staitistiúla. Tá sonraí iomlána faoi bheartas na Roinne maidir le cosaint sonraí ina leagtar amach an bealach a mbainfidimid úsáid as do shonraí pearsanta nó as sonraí pearsanta do linbh chomh maith le faisnéis faoi do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí ar fáil ag: <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/parents-children/ath-2-03-10-9-privacy-notice-approval-and-payment-of-isl-tuition.pdf> Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil freisin ón seoladh thíos ar iarratas.

CUID 1 - le comhlánú ag an Tuismitheoir/gCaomhnóir

Ainm an Linbh _____

Seoladh Baile: _____

_____ Éirchód:

Dáta Breithe: _____

_____ UPSP an

Linbh: _____

An bhfuil an leanbh ag freastal ar scoil faoi láthair? Tá Níl

Liostaigh aon bhlianta inar cuireadh Teagasc ISL ar fáil roimhe seo, le do thoil:

Sonraigh an scoilbhliain a bhfuil iarratas ar theagasc á dhéanamh anois ina leith:

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:

Seoladh (murab ionann é agus an ceann thuas):

Éirchód: _____

UPSP an Tuismitheora/Chaomhnóra:

Uimhir Theagmhála/Fón Póca: _____

Seoladh Ríomhphoist:

Teagmháil ar Ríomhphost Amháin:

Is ea

Ní hea

CUID 2 - le comhlánú ag Príomhoide na Scoile

Ainm na Scoile: _____

Uimhir rolla na scoile: _____

Uimhir Theileafóin: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

Ainm an Dalta: _____

An bhfuil an dalta seo ar rolla do scoile i gcomhair na scoilbhliana reatha? Tá Níl

Síniú Phríomhoide na Scoile: _____ Dáta: _____

Stampa na Scoile:

CUID 3 - Le comhlánú ag an Múinteoir Cuartaíochta don Duine Bodhar / Duine Lagéisteachta

Ainm an Mhúinteora Cuartaíochta:

Uimhir Theileafóin: _____

Seoladh Ríomhphoist:

Ainm an Dalta: _____

Deimhním go bhfuil an leanbh/dalta seo bodhar / go bhfuil lagéisteacht aige/aici:

Tá Níl

Tacaím leis an iarratas ar theagasc ISL don leanbh/dalta seo: Tacaím

Ní thacaím

Síniú an Mhúinteora Cuartaíochta: _____

Dáta: _____

CUID 4 – Sonraí an Teagascóra ISL a dhéanfaidh an teagasc

Tá an Chuid seo le comhlánú ag an Múinteoir Cuartaíochta don Bhodhar / don Duine Lagéisteachta i gcomhairle leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí agus leis an teagascóir ISL

Ainm an Teagascóra ISL:

Seoladh: _____

Éirchód: _____

UPSP: _____

Uimhir Theagmhála/Fón Póca: _____

Seoladh Ríomhphoist:

Teagmháil ar Ríomhphost Amháin:

Is ea

Ní hea

Sonraí na gCáilíochtaí in ISL:

An bhfuil iarratas déanta ag an teagascóir ar theagasc ISL a sholáthar do leanaí eile? Tá

Níl

Más 'Tá' sonraigh líon na leanaí

Síniú an Teagascóra ISL:

Dáta:

Síniú an Mhúinteora Cuartaíochta:

Dáta:

Aguisín 1

Chun géilleadh do na treoirlínte cosanta leanáí ní mór do gach duine a cheapfar mar theagascóir ISL an Dearbhú Reachtúil seo a leanas a bhaineann le cosaint leanáí a chur ar fáil. Meastar Dearbhú Reachtúil a bheith bailí má tá sé tugtha sa bhliain féilire céanna nó sa bhliain féilire roimhe sin. Ní mór an fhoirm seo a bheith fianaithe ag Dlíodóir Cleachtach/Coimisinéir Mionnaí/Nótaire Poiblí/Coimisinéir Síochána.

Dearbhú Reachtúil

Ní mór an dearbhú reachtúil seo a bheith comhlánaithe sula gceapfar duine chun teagasc baile ISL a sholáthar.

“Dearbhaímse _____ as _____

i gcontae _____ atá ocht mbliana déag nó os a chionn go SOLLÚNTA AGUS GO MACÁNTA mar seo a leanas:-

Ar feadh m'eolais agus mo thuairime, nach bhfuil rud ar bith i dtaca le cosaint leanáí de, i dtaca le m'iompar, mo charachtar, ná mo chúlra pearsanta, a mbeadh tionchar dochrach aige ar an bpost iontaofachta a bheadh agam i dtaca le leanáí nó le daoine fásta soghonta de bhun mé a bheith ceaptha chun teagasc baile a sholáthar.

Laistigh de chomhthéacs cosanta leanáí:

- Deimhním leis seo go dtoilím go neamhchúlghairthe le haon fhiosrú a mheasann siad a bheith riachtanach, i dtaca le m'oiriúnacht chun teagasc baile a thabhairt, a bheith déanta ag na tuismitheoirí a d'ainmnigh mé chun teagasc baile a sholáthar dá leanbh.
- Glacaim agus deimhním leis seo teidlíocht tuismitheoir/chaomhnóir an linbh dá bhfuilim ag tabhairt teagaisc m'iarratas a dhiúltú nó deireadh a chur le mo sholáthar teagaisc má theip orm aon eolas a bhaineann le m'iarratas ar phost mar sholáthraí teagasc baile a chur ar fáil do tuismitheoir/do chaomhnóir an linbh dá bhfuilim ag tabhairt teagasc baile ISL.
- Tuigim go ndícháileofar mé ar an toirt ó bheith i mo theagascóir baile agus go bhféadfaí mé a bhriseadh as an bpost sin láithreach má thugaim eolas atá bréagach nó míthreorach i dtaca le m'iarratas ar phost mar sholáthraí teagasc baile don leanbh i dtrácht.
- Déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach agus ag creidiúint go bhfuil an céanna fíor agus de bhun Acht na nDearbhuithe Reachtúla, 1938."

Síniú: _____ (Teagascóir) Dáta: _____

Priontáil an tAinm: _____

Dearbhaithe i mo láthar [ainm i gceannlitreacha _____] [nótaire poiblí]
[coimisinéir mionnaí] [coimisinéir síochána] [dlíodóir cleachtach] ag

_____ atá ar aithne agam go pearsanta, nó a aithníodh dom ag
_____ atá ar aithne agam go pearsanta,

Nó

*Ar cruthaíodh a aitheantas/a haitheantas dom sula ndearnadh an Dearbhú seo trí phas uimhir
[_____] a eisíodh an [dáta _____] ag údaráis [an stát eisiúna
_____, ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann] a sholáthar dom

Nó

Cárta aitheantais náisiúnta uimh. [Uimhir an chárta aitheantais _____] a eisíodh an
[dáta eisithe] ag údaráis [an stát eisiúna _____] [ar Ballstát de chuid AE é, Cónaidhm
na hEilbhéise nó Páirtí Conartha i gComhaontas LEE]

Nó

[Pas Eachtrannaigh uimh. (Doiciméad atá coibhéiseach le pas)[Uimhir an phas _____]
a eisíodh an [dáta _____] ag údaráis [an stát eisiúna _____], ar
údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann]

Nó

Doiciméad taistil dídeanaí uimh. [Uimhir an doiciméid _____] a eisíodh an [dáta
_____] ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Nó

Doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) [uimhir an doiciméid _____] a
eisíodh an [dáta _____] ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe
Dlí

ag _____

I gCathair/ Contae _____

ar an _____ lá de _____ 20 _____

*Dlíodóir Cleachtach / Coimisinéir Mionnaí / Nótaire Poiblí / Coimisinéir Síochána

* Scrios mar is cuí

Tabhair ar aird: Tá tuilleadh eolais maidir le Coimisinéirí Mionnaí agus Coimisinéirí Síochána ar
www.citizensinformation.ie

Aguisín 2

Foirm Ghealltanais

Deimhním, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, nach bhfuil rud ar bith ann, ó thaobh cosaint leanáí de, ón dáta a shínigh mé an dearbhú reachtúil atá i gceangal leis seo, i dtaca le m'iompar, mo charachtar ná mo chúlra pearsanta a mbeadh tionchar dochrach aige ar an bpost muiníne atá agam i leith leanáí nó daoine fásta soghonta a bheadh agam de bhua mo phoist mar sholáthraí teagaisc do

_____ (ainm an linbh)

Geallaim, leis, go gcuirfidh mé in iúl do thuismitheoir/chaomhnóir an linbh a bhfuilim ag tabhairt Teagasc ISL dó nó di má tharlaíonn aon athrú ar an staid thuasráite más athrú é a mbeadh tionchar aige ar m'oiriúnacht, ó thaobh cosaint leanáí de, chun leanúint ar aghaidh i mo ról mar theagascóir ar Chlár Teagaisc ISL.

Admhaím agus tuigim go bhféadfadh deimhniú bréagach nó míthreorach ar bith i dtaca le m'iompar, mo charachtar nó mo chúlra pearsanta nó aon fhaillí ar mo thaobhsa maidir le tuismitheoirí an linbh dá bhfuilim ag tabhairt an Chláir Teagaisc ISL a chur ar an eolas cur isteach ar m'oiriúnacht ó thaobh cosaint leanáí de, go mbeidh sé ina shárú ar mo ról mar theagascóir ar an gClár Teagaisc ISL agus go bhféadfadh sé a bheith mar fhorais ag an tuismitheoir/caomhnóir chun mé a dhífhostú ar an toirt.

Comhlánaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

Táim cláraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann faoi láthair; is í m'Uimhir Chomhairle Mhúinteoireachta _____;

Tá grinnfhiosrúchán déanta orm ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin agus tá torthaí mo chuardaigh grinnfhiosrúcháin dá ngairtear Nochtadh Grinnfhiosrúcháin, roinnte agam le tuismitheoir/caomhnóir an linbh thuasluaite trí shaoráid ghrinnfhiosrúcháin shlán ar líne na Comhairle Múinteoireachta dá ngairtear Digitary.

Tá Níl

Ní múinteoir aitheanta mé; Tá grinnfhiosrúchán déanta orm faoi láthair ag an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin atá próiseáilte trí eagraíocht ábhartha amhail Cumann Bodhar na hÉireann nó Sharing the Journey, ón 29ú Aibreán 2016 ar aghaidh. Tá toradh mo chuardaigh grinnfhiosrúcháin dá ngairtear Nochtadh Grinnfhiosrúcháin, roinnte agam le tuismitheoir/caomhnóir an linbh thuasluaite.

Tá Níl

Dearbhaím go bhfuil ábhar na foirme iarratais seo léite agam agus go dtuigim é. Deimhním go bhfuil sé ceart go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ainmní ar bith de chuid na Roinne mo chuid faisnéise, mar atá sí curtha ar fáil san fhoirm seo, a bhreithniú mar a mheastar a bheith cuí; go roinnfear leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus leis na Coimisinéirí Ioncaim í más gá, d'fhonn próiseáil íocaíochtaí a éascú.

Síniú an Teagascóra: _____ Dáta: _____

Priontáil an tAinm: _____

Arna fhianú ag: _____ Dáta: _____

(Tuismitheoir/Caomhnóir)

Priontáil an tAinm: _____

CUID 5 - le comhlánú ag an Tuismitheoir/gCaomhnóir

Dearbhaím go bhfuil ábhar na foirme iarratais seo léite agam agus go dtuigim é. Deimhním go bhfuil sé ceart go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ainmní ar bith de chuid na Roinne mo chuid faisnéise, mar atá sí curtha ar fáil san fhoirm seo a bhreithniú mar a mheastar a bheith cuí; go roinnfear leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus leis na Coimisinéirí Ioncaim í más gá, d'fhonn leithdháileadh tacaíochtaí ar mo leanbh agus próiseáil íocaíochtaí a éascú.

Síniú an Tuismitheora/Chaomhnóra:

Dáta: _____